



RÉAMHRÁ

Cúlra

Cuireadh an leabhar tagartha seo le chéile i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014.

Bunaíonn an tAcht um SF, 2014, trí cheart reachtúla:

- ceart ag gach duine teacht ar eolas atá á choinneáil ag comhlachtaí poiblí;
- ceart ag gach duine go leasófaí eolas oifigiúil a bhaineann leis/léi má tá séneamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- ceart fáthanna le cinntí a théann i bhfeidhm air/uirthi a fháil.

Dearbhaíonn an tAcht cearta mhuintir an phobail chun teacht ar eolas oifigiúil chomh fada agus is féidir i gcomhréir leis an leas poiblí agus ceart príobháideachais daoine aonair.

CUSPÓIR AN LEABHAIR THAGARTHA

Ullmhaíodh agus foilsíodh an leabhar tagartha seo i gcomhréir le ceanglais ailt 8 den Acht um SF.

I gcomhréir le halt 8 den Acht, is é cuspóir an leabhair thagartha seo ná éascú teachta ar eolas oifigiúil atá á choinneáil ag an oifig seo, trí chur síos a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmeanna na hoifige;

sonraí na seirbhísí a sholáthraímid agus cén chaoi ar féidir leas a bhaint astu; eolas sna haicmí taifead a choinnímid; agus eolas faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh chuig an oifig faoin Acht um SF.

Cuireann Alt 8 den Acht um SF ceanglas ar an RFS leabhar a fhoilsiú ina bhfuil:

- “na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus naléirithe.... agus innéacs d’aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht....chun críoche breitheanna...faoi aon achtacháin nó scéime a riarann” an oifig “maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim” in éineacht
- le “faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.”

Ullmhaíodh an treoir seo chomh maith chun custaiméirí atá ag úsáid na seirbhísí a sholáthraíonn an RFS a éascú. Ach tá dualgas orainn feidhmiú faoi choimirce Achtanna na gCara-Chumainn, Ceardchumainn agus Tionscail agus Coigilitis faoinar bunaíodh an Oifig agus faoi na hachtanna, orduithe, rialacha agus rialacháin eile sin a bhfuil cur síos orthu ag Aguisín 3. Ní fhéachtar le léirmhíniú a dhéanamh ar na hachtanna, orduithe, rialacha ná rialacháin sin ar bhealach ar bith leis an treoir seo.

Sa chás go ndéantar cur síos ar cheanglais reachtúla, ní fhéachtar le léirmhíniú reachtaíochta a sholáthar leis an eolas a thugtar. Moltar go láidir do chomhlachtaí go háirithe féachaint ar na ceanglais maidir le tuairisceáin reachtúla is gá a sheoladh chuig an RFS. Má theipeann orthu cloí leis na ceanglais, d'fhéadfaí iad a ionchúiseamh nó iad a bhaint ó chlár na gcuideachtaí.

Conas an leabhar seo a úsáid

Míníonn Caibidil 1 conas teacht ar eolas ón RFS agus aon táillí a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

- Déanann Caibidil 2 cur síos ar ról na hOifige agus ar a struchtúr eagraíochtúil.
- Déanann Caibidil 3 miondealú ar struchtúr inmheánach agus ar eagraíocht na hOifige de réir rannóige/aonaid. Cuirtear eolas ar fáil faoi gach rannóg/aonad faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Déantar cur síos i Ról agus struchtúr ar phríomhobair agus ar struchtúr na rannóige/an aonaid;
- Déantar cur síos i Soláthar seirbhíse ar an obair atá á déanamh le béim ar sheirbhísí a mbíonn tionchar díreach acu ar mhuintir an phobail nó a mbaineann coistí, grúpaí, srl leo a dhéanann ionadaíocht ar son grúpaí sainleasa ar leith;
- Déantar cur síos i Rialacha agus cleachtais ar rialacha agus ar chleachtais na rannóige/an aonaid, sa chás go bhfuil sé/sí páirteach i soláthar achtacháin nó scéime a théann i bhfeidhm ar an bpobal, taobh istigh de chiall alt 8 den Acht;
- Déantar cur síos in Aicmí taifead ar na ceannteidil (darb ainm "sraitheanna comhad" san oifig) faoina gcoinníonn an rannóg/an t-aonad taifid; agus
- Déantar cur síos i bPointí teagmhála ar bhail foirne na rannóige/an aonaid atá ar fáil le cabhrú le muintir an phobail.
- Tá tuilleadh eolais maidir leis an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh le fáil i gCuid 1 den Lámhleabhar seo.

Táillí SF

Tá liosta mionsonraithe dár dtáillí is inmhuirir ar dhoiciméid, nó ar sheirbhísí a rinneadh, atá lasmuigh de scóip an Achta um SF, leagtha amach in Aguisín 3 den Lámhleabhar SF seo. Féadfar táillí d'eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a ghearradh de réir Alt I. 531 de 2014 - Rialacháin an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (Táillí) (Uimh. 2) 2014.

Faisnéis faoin gComhlacht atá faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise:

- Cuireadh Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann ar bun i 1846. Feidhmíonn an Oifig faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- Féach an leathanach Gréasáin Feidhmeanna an RFS chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin obair a dhéanann an Oifig. Is féidir cóipeanna de Thuarascáil Bhliantúil an RFS a rochtain ón Foilseacháin Chorporáideacha.
<https://www.cro.ie/Cumann-Aontas/RFS-Foilseach%c3%a1in>.
- Tá foireann an RFS miondealaithe mar seo a leanas: 1 Phríomhoifigeach, 1 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 1 Oifigeach Cléreachais.
- Teileafón/ Ríomhphost: Féach caibidil 1 le do thoil
- Tá Cairt Chustaiméirí Clárlann Na gCara-Chumann (RFS) le fáil on láithreán gréasáin CRO, www.cro.ie, faoi Cumann/Aontas - Foilseacháin

Soláthar Seirbhíse

- Tá Cláraitheoir na gCara-Chumann (RFS) freagrach as clárú agus rialú ginearálta na gCumann Tionscail agus Coigiltis, na gCara-Chumann agus na gCeardchumann. Déantar Cumainn Tionscail agus Choigiltis a chlárú faoi Achtanna um Chumainn Tionscail agus Choigiltis 1893-2018. Déantar Caracumainn a chlárú faoi Achtanna na gCara-Chumann 1896-2018. Cláraítear ceardchumainn faoi na hAchtanna Ceardchumann 1871-1990. Féach Aguisín 1.
- Foilsítear sa Lámhleabhar Saoráil Faisnéise freisin faisnéis a bhaineann leis na seirbhísí a gcuireann RFS iad ar fail nó ar fáil on láithreán gréasáin CRO. www.cro.ie.
- Eolas faoi tháillí ar fáil in Aguisín 3.

An próiseas cinnteoireachta le haghaidh mórtograí beartais

- Coimeádann RFS clár faoi na hAchtanna a luaitear thuas. Níl baint aici le cinntí beartais. Níl aon chumhachtaí imscrúdaitheacha aici ach oiread.

Faisnéis Airgeadais

- Gach ráithe, foilsítear ar an leathanach Gréasáin Íocaíochtaí thar €20,000 sonraí faoi íocaíochtaí nó orduithe ceannaigh le haghaidh earraí agus seirbhísí ar mó a luach ná €20,000 (www.cro.ie).

Soláthar

- Is ar fáil ar an leathanach Gréasáin Soláthar atá sonraí maidir le comórtais reatha tairisceana ar shuíomh Gréasáin etenders agus aon chonarthaí poiblí a dheonaítear. (www.cro.ie).
- An Loga Nocht Saoráil Faisnéise agus Faisnéis Eile is Gá a Fhoilsiú mar Chúrsa Gnáthaimh.
- Is ar fáil ar an leathanach Gréasáin Loga Nocht Saoráil Faisnéise atá sonraí faoi iarrataí saorála faisnéise a rinneadh chuig RFS i dtaca le hiarrataí neamhphearsanta. (www.cro.ie)
- Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Shaoráil Faisnéise, lena n-áirítear téacs na nAchtanna, téigh chuig an suíomh Gréasáin rialtais www.foi.gov.ie/.

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	1
CONAS EOLAS A FHÁIL.....	5
1.1 EOLAS ATÁ AR FÁIL MAR GHNÁTHAMH	
1.2 IARRATAIS FAOIN ACHT UM SF	
1.3 ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH	
1.4 ATHBHREITHNIÚ AG AN GCOIMISINÉIR FAISNÉISE	
1.5 TÁILLÍ SF	
FORBHREATHNÚ AR AN RFS	8
2.1 RÁITEAS MISIN	
2.2. TUAIRISC AGUS PHRÍOMHFHEIDMEANNA RFS	
2.3 SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN AN RFS AR FÁIL	
MIONDEALÚ STRUCTÚR INMHEÁNACH AGUS EAGRAÍOCHT AN RFS.....	10
INFHAIGHTEACHT FAISNÉISE.....	10
ROCHTAIN AR FHAISNÉIS SA CHLÁRLANN	11
AGUISÍN 1	14
Reachtaíocht Cumainn Tionscail agus Coigiltis	
Reachtaíocht Ceardchumainn	
Reachtaíocht Cara-Chumainn	
AGUISÍN 2	17
Foirmeacha Cumainn Tionscail agus Coigiltis	
Foirmeacha Cara-Chumainn	
Foirmeacha Ceardchumainn	
AGUISÍN 3	20
Táillí Cumann Tionscail agus Coigiltis	
Táillí Cara-Chumann RFS	
Táillí Ceardchumann	

1. CONAS EOLAS A FHÁIL

1.1 EOLAS ATÁ AR FÁIL MAR GHNÁTHAMH

Tá sé tábhachtach cuimhneamh go gcuirimid eolas ar fáil don phobal mar ghnáthamh faoi láthair maidir lena feidhmeanna, a gníomhaíochtaí agus a scéimeanna. Leanfar de chur ar fáil a leithéid d'eolas, a bhfuil achoimre air thíos, go neamhfhoirmiúil gan gá a bheith le húsáid a bhaint as an Acht um SF.

Céard atá ar fáil?	Cá háit a bhfuil sé ar fáil?	Sonraí teagmhála
Eolas ginearálta maidir an RFS	Suíomh gréasáin an OCC Guthán	www.cro.ie R-phost: rfs@dbei.gov.ie Guthán: 01 804 5499
	Oifig Phoiblí (roinnte le CRO)	Teach Bloom Plás Gloucester Íochtarach Baile Átha Cliath 1
Clár na gcumainn/ ceardchumainn	Suíomh gréasáin CRO - www.cro.ie	https://rfs.cro.ie/ Is féidir leat eolas riachtanach áirithe a sheiceáil saor in aisce, amhail ainmneacha na cumainn agus seoladh oifige cláraithe. Tá eolas breise ar fáil do shealbhóirí cuntais taisce an RFS.
Reachtaíocht a bhaineann le réimsí gníomhaíochta an RFS Oifig	Oifig Díolta Foilseachán an Rialtas	Publications@opw.ie Guthán: 01 647 6834

Dearadh an tAcht um SF chun teacht poiblí ar eolas atá á choinneáil ag comhlachtaí poiblí NACH mbíonn ar fáil mar ghnáthamh trí fhoinsí eile a cheadú. Bíonn an teacht ar eolas faoin Acht faoi réir díolúintí áirithe agus bíonn nósanna imeachta agus teorainneacha ama ar leith ag baint leis. Soláthraíonn an lámhleabhar seo treoir ar struchtúr an RFS, le cabhrú leat teacht ar eolas faoin Acht um SF agus faoi na hAchtanna um Cumainn agus Ceardchumainn.

1.2 IARRATAIS FAOIN ACHT UM SF

De ghnáth beidh ar an RFS (Clárlann na gCara-Chumann) freagra a thabhairt ar iarratais faoin FOI (an tAcht um Shaoráil Faisnéise) laistigh de cheithre seachtaine. Tá an t-oifigeach FOI don RFS ina oifigeach FOI don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) freisin.

Ba chóir iarratais faoin Acht um SF a sheoladh chuig:

Mark Donoghue

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 804 5251

Email: mark.donoghue@dbei.gov.ie

(Ba cheart fiosrúcháin ghinearálta a sheoladh chuig an RFS é féin (01 804 5499) - ní chuig an Oifigeach FOI.)

Is gá d'iarratais ar eolas a bheith i scríbhinn agus na sonraí seo a leanas a lua:

- d'ainm iomlán agus do sheoladh;
- go bhfuil sé á dhéanamh faoin Acht um SF;
- uimhir ghutháin lae, más féidir dul i dteagmháil leat go héasca más gá sonraí d'iarrtais a dheinmhníú;
- sonraí an eilais atá á lorg agus is gá dóibh a bheith chomh cuimsitheach agus chomh sonrath agus is féidir (má tá deacracht agat le haithint na dtaifead ar leith atá de dhith ort, beimid sásta cabhrúleat d'iarratas a ullmhú);
- an fhormaid ar leith ina bhfuil an t-eolas á lorg m.sh fótashóip, diosca srl más gá

1.2.1 Cinnteoireacht SF san RFS

Déantar cinntí ar iarratais ar leibhéal nach ísle ná Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin. Bíonn cinntí inmheánacha achomhairc á ndéanamh ag oifigigh de ghrád níos airde agus ní bheidh siad déanta ag an oifigeach uachtarach atá díreach os cionn an chinnteora SF de ghnáth.

1.2.2 Cearta Athbhreithnithe Agus Achomhairc

Leagann an tAcht um SF amach sraith díolúintí chun eolas íogair a chosaint sa chás go bhféadfadh a nochtadh díobháil a dhéanamh do phríomhleasanna den Stát nó do thríú páirtithe. Má bhaineann an t-oifigeach SF san OCC úsáid as na forálacha seo chun eolas a choinneáil siar, is féidir an cinneadh a achomharc. Is féidir achomharc a dhéanamh chomh maith in aghaidh cinntí maidir le hiarchur teachta, muirir, foirmeacha teachta, srl.

Seo a leanas sonraí na meicníochtaí achomhairc:

1.3 ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH

Is féidir leat athbhreithniú inmheánach a lorg ar an gcinneadh bunaidh, rud a bheidh déanta ag oifigeach ar leibhéal níos airde sa chás:

- go bhfuil tú míshásta leis an bhfreagra bunaidh a fuair tú .i. diúltú eolais, foirm teachta, muirir, srl nó
- nach bhfuair tú freagra taobh istigh de cheithre seachtaine ó rinne tú d'iarratas bunaidh. Féachtar air seo mar dhiúltú d'iarratais agus ceadaíonn sé seo duit leanúint ar aghaidh chuig athbhreithniú inmheánach.

Ba chóir iarratais ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh i scríbhinn chuig:

An Clárathoir

Clárlann na gCara-Chumann, Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 804 5260 Ríomhphost: Maureen.OSullivan@dbei.gov.ie

Is gá a leithéid d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh isteach taobh istigh de cheithre seachtaine ó rinneadh an cinneadh bunaidh. Is gá don RFS an t-athbhreithniú a chríochnú taobh istigh de thrí seachtaine. Is gá d'athbhreithniú inmheánach a bheith críochnaithe de ghnáth sular féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

1.4 ATHBHREITHNIÚ AG AN GCOIMISINÉIR FAISNÉISE

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú inmheánach críochnaithe, is féidir leat athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Anuas air sin, más rud é nach bhfuair tú freagra ar d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach taobh istigh de thrí seachtaine, féachtar air seo mar dhiúltú agus is féidir leat an cás seo a achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Is féidir achomhairc i scríbhinn a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
6 Ardán Phort ar Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773

Guthán: 01-6395689 Ríomhphost: info@oic.ie Suíomh Gréasáin: www.oic.gov.ie

1.5 TÁILLÍ SF

Tá liosta mionsonraithe dár dtáillí inmhuirir ar dhoiciméid nó ar sheirbhísí a sholáthraítear atá taobh amuigh de raon an Achta um SF, tá siad leagtha amach in Aguisín 1.

Tá na táillí le haghaidh faisnéis a fháil atá faoi chuimsiú an Achta FOI leagtha amach in I.R. Uimh. 531 de 2014 - Rialacháin 2014 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (Táillí) (Uimh. 2).

2. FORBHREATHNÚ AR AN RFS

2.1 RÁITEAS MISIN

Is é misean an Clárlann na gCara-Chumann ná:

“Chun a áirithiú go bhfuil na nithe éagsúla frithpháirteacha atá cláraithe leis an gClárlann, agus atá faoi réir rialaithe agus maoirseachta ginearálta ar léibhéil éagsúla le Cláraitheoir na gCara-Chumann, in oiriúint leis a n-oibleagáidí reachtúla, agus chun taifead poiblí suas chun dáta a choimeád ar na nithe sin.”

2.2 TUAIRISC AGUS PHRÍOMHFHEIDMEANNA RFS

Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus chun comhaid na gCara-Chumann, na gCumann Tionscail agus Coigiltis agus na gCeardchumann uile a choimeád atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann.

AIDHMEANNA:

- Chun clárú agus rialachán ginearála éifeachtach agus críochnúil cumann tionscail agus coigiltis, cara-chumann agus ceardchumann a chur i gcrích
- Chun tacar comhad a choimeád maidir le gach cumann agus ceardchumann cláraithe atá oscailte le haghaidh iniúchta ag an bpobal
- Chun seirbhís chríochnúil agus éifeachtach a sholáthar don phobal

Ról na Clárlainne laistigh den Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta:

A chinntiú go n-éascóidh ár rialachán gnó infheistíocht agus forbairt ghnó, iomaíocht san áit mhargaidh, ardchaighdeán cosanta tomhaltóirí agus rialachas corparáideach agus go soláthróidh sé buntáiste iomaíochta d'Éirinn sa mhargadh domhanda agus chun ról cuiditheach a bheith againn maidir le creat reachtúil éifeachtach a chur i bhfeidhm chun comharchumainn a fhorbairt agus a mhaoirsiú.

2.3 SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN AN RFS AR FÁIL

2.3.1 Príomhsheirbhísí

- Téann Clárlann na gCara-chumann i ngleic le trí eintiteas de chineálacha difriúla, is iad sin cumainn tionscail agus choigiltis, a chuimsíonn comharchumainn; cara-chumann; agus ceardchumann lena n-áirítear ceardchumann fostaithe, cumainn fostóirí agus comhlachais thrádála tríd phríomhreachtaíocht a rialaíonn na heintitis sin. Ag deireadh na bliana 2018, ba ann do 940 cumann tionscail agus coigiltis, 46 cara-chumann agus 54 ceardchumann sa chlár. Féach aguisín 1 le do thoil.
- Táimid freagrach as soláthar na bpríomhsheirbhísí seo a leanas freisin: Claruchan nua, Cónascadh, Aistriú gealltanais agus cónascthaí, leasuithe agus athruithe, i bpáirt agus iomlána, ar rialacha, athruithe ar ainmneacha agus ar oifigí cláraithe, cumainn a cuireadh ar ceal nó a díscáileadh, cumainn curtha ar ais ar an gClár agus leachtuithe.
- clár cruinn agus cothrom de cumainn agus ceardchumann a choinneáil - forfheidhmiú a ndualgas maidir le cumainn tionscail agus coigiltis, go háirithe maidir le comhdú tuairisceán agus cuntas bliantúil soláthar teachta éasca don phobal ar eolas a bhíonn comhdaithe ag cumainn/ceardchumann.
- feabhsú na modhanna trína mbíonn doiciméid á gcomhdú ag an RFS, chomh maith leis an tacaíocht theicniúil riachtanach a sholáthar d'úsáideoirí an chórais ríomhchomhdaithe

2.3.2 Rochtain Phoiblí Ar An Oifig

Tá an Oifig Phoiblí suite ag CRO, Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Tá an RFS ar oscailt don phobal gach lá oibre ó 10 ar maidin go dtí 1.00 sa tráthnóna agus ó 2.15 go 4.30 sa tráthnóna. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hIonad Faisnéise na hOifige le linn gnáthuaireanta oibre ar 01 804 5499. Tugtar cuireadh freisin do chliant teagmháil a dhéanamh leis an Oifig trí ríomhphost ag rfs@dbei.gov.ie.

3. MIONDEALÚ STRUCHTÚR INMHEÁNACH AGUS EAGRAÍOCHT AN RFS

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	R-phost
Maureen O'Sullivan	Cláraitheoir	01-8045499	maureen.osullivan@dbei.gov.ie
Gary Ward	Bainisteoir	01-8045272	gary.ward@dbei.gov.ie
Mary Giblin	Oifigeach Feidhmiúcháin	01-8045248	mary.giblin@dbei.gov.ie
Agnes Ward	Oifigeach Cléireachais	01-8045469	agnes.ward@dbei.gov.ie

4. INFHAIGHTEACHT FAISNÉISE

Infhaighteacht Faisnéise

Coimeádann an Chlárlann comhaid um thaifead poiblí maidir le heintitis chláráithe uile. Bíonn siad sin ar fáil le haghaidh iniúchta ar íoc na táille forordaithe.

Comhaid um Thaifead Poiblí

Tá doiciméid oifigiúla sna comhaid sin a bhaineann le:

- Tuairisceán Bliantúil lena n-áirítear cuntais iniúchta
- Rialacha Cláráithe
- Fógra faoi Leasú na Rialacha
- Fógra faoi Athrú na hOifige Cláráithe
- Tuairisceán Tríbhliantúil (Cumainn Tionscail agus Choigiltis amháin)

Is ionann an táille fhorordaithe chun comhad um thaifead poiblí a iniúchadh agus €6.00 faoi láthair in aghaidh chomhad an Chumainn Tionscail agus Choigiltis nó an Chara-Chumainn. Níl aon táille ann chun comhad páipéir Ceardchumainn a iniúchadh. Is féidir fótachóipeanna a dhéanamh freisin de na doiciméid uile sa chomhad poiblí. Is féidir na comhaid um thaifead poiblí a iniúchadh gan an gá le hiarratas FOI a dhéanamh.

Coimeádann an Chlárlann bunachar sonraí ríomhaire maidir le Cumainn Tionscail agus Choigiltis, Ceardchumainn agus Cara-Chumainn. Sa bhunachar sonraí tá bunsonraí clárúcháin gach eintitis, .i. ainm cláráithe, uimhir chláráithe, oifig chláráithe, cibé acu an bhfuil sé cláráithe nó cealaithe, cineál an chumainn, an bhliain is déanaí dá bhfuil tuairisceán bliantúil agus, nuair is gá, tuairisceán tríbhliantúil comhdaithe. Cuirtear na sonraí sin ar fáil saor in aisce mar fhreagairt ar fhiosrúcháin ghinearálta.

Cuardach Ar Líne

Tá Clár na gCara-Chumann, na gCeardchumann agus na gCumann Tionscail agus Coigiltis ar fáil ar líne ach ní féidir é a chuardach agus cuardach shuíomh gréasáin an CRO á úsáid. Ina ionad sin bain úsáid as saoráid cuardaigh ar líne an RFS: <https://rfs.cro.ie/login>

Is féidir cuardach a dhéanamh ar líne (faoi ainm) le haghaidh cumann nó ceardchumann áirithe. Bíonn tú in ann liosta de dhoiciméid a fheiceáil a rinneadh a chomhdú i gcoinne an chumainn/cheardchumainn sin.

Feicfidh tú an uimhir agus an seoladh dá chuid, agus cineál an eintitis (cibé acu cara-chumann nó cumann tionscail agus coigiltis nó ceardchumann) agus dáta an chlárúcháin. Tá liosta aighneachtaí ar fáil ina bhfeicfidh tú liosta de na doiciméid éagsúla a comhdaíodh agus cibé acu an bhfuil siad próiseáilte nó scanta nó an dá rud araon.

Is féidir íomhá doiciméid a cheannach ar líne le haghaidh táille. (Táille €2.50). (Ní féidir íoc as ach le carta creidmheasa amháin) .

Tuarascáil Bhliantúil an Chláraitheora

Foilsíonn an Cláraitheoir tuarascáil bhliantúil ina mbíonn staitisticí a bhaineann leis na heintitis uile atá cláráithe. Ó 2004 ar aghaidh, tá an tuarascáil sin ar fáil saor in aisce agus is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta - <http://www.dbei.gov.ie/> nó ó shuíomh gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí - <http://www.cro.ie/>

Chomh maith leis sin, ar leathanach baile shuíomh gréasáin (<https://www.cro.ie/>), na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, is féidir faisnéis a rochtain maidir le clárú cumann/ceardchumann, táillí, agus is féidir na foirmeacha ábhartha uile a íoslódáil ón suíomh sin agus tá nasc ann leis an reachtaíocht ábhartha ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Féach Aguisín 2 (leathanach 19) agus Aguisín 3 (leathanach 25) le haghaidh liostaí de na foirmeacha agus de na táillí.

5. ROCHTAIN AR FHAISNÉIS SA CHLÁRLANN

- Tá feidhmeanna uile na gCara-Chumann dílsithe sa Chláraitheoir ag reachtaíocht shainiúil a bhaineann le Cumainn Tionscail agus Choigiltis, le Ceardchumann agus le Cara-Chumann. Tá an reachtaíocht a bhaineann le gach ceann de na catagóirí sin leagtha amach in aguisín 1.
- Faoi Acht na gCara-Chumann (Leasú), 1977, is féidir leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta daoine a údarú chun gníomhú ar son an Chláraitheora nuair nach mbíonn an Cláraitheoir i láthair. Faoi láthair tá Príomhoifigeach Cúnta (Leas-Chláraitheoir na gCara-Chumann) údaraithe. Tagraítear don údarás sin de ghnáth mar údarás tarmligthe.

Tá na nósanna imeachta a leanas infheidhme maidir le –

- Clárúcháin nua
- Leasúcháin ar riail
- Athrú ainm
- Athrú na hoifige cláraithe Malgamú
- Aistriú gníomhaíochtaí Díscáoileadh
- Cealuithe

Maidir leis na comhlachtaí sin atá luaite i mír 2:

Scrúdaíonn Oifigeach Feidhmiúcháin iarratas agus déantar é a sheiceáil chun a áirithiú go gcomhlíonann sé ceanglais na nAchtanna ábhartha. Mura bhfuil sé comhlíontach cuirtear ar ais chuig an iarratasóir é agus iarratas ag gabháil leis gur cheart é a leasú.

Nuair a chríochnaíonn an tOifigeach Feidhmiúcháin an scrúdú, cuirtear an t-iarratas ar aghaidh chuig Ardoifigeach Feidhmiúcháin lena bhreathnú agus moladh ag gabháil leis maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratas in ord le haghaidh cláraithe.

Tar éis don Ardoifigeach Feidhmiúcháin an t-iarratas a bhreathnú cuirtear faoi bhráid an Chláraitheora é lena bhreathnú a thuilleadh. Nuair nach mbíonn an Cláraitheoir i láthair, is féidir leis an Ardoifigeach Feidhmiúcháin an t-iarratas a shíniú agus a chlárú.

I gcás iarratais de nádúr casta d'fhéadfadh an tArdoifigeach Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh an t-ábhar a chur faoi bhráid an Chláraitheora lena bhreathnú a thuilleadh. Má mheasann an Cláraitheoir gur gá é d'fhéadfadh sí comhairle dlí a iarraidh maidir leis an ábhar.

Nuair a dhéantar an t-iarratas a chlárú seoltar cóip amháin ar ais chuig an iarratasóir agus cuirtear an ceann eile i gcomhad um thaifead poiblí an chumainn nó an cheardchumainn lena mbaineann.

5.1 Tá na nósanna imeachta a leanas infheidhme maidir le tuairisceáin bhliantúla a chuirtear isteach i dtaca leis na comhlachtaí sin atá luaite i mír 2.

Déanann oifigeach cléireachais tuairisceán bliantúil a sheiceáil chun na nithe a leanas a áirithiú –

- Íocadh na táillí iomchuí
- Tá na figiúirí atá leagtha síos sna cuntais iniúchta comhardaithe
- Tá figiúirí atá tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe ceart
- Tá na sínithe riachtanacha ann
- Tá an tuairisceán sínithe ag iniúchóir atá cáilithe go ceart
- Nuair a dhéantar é a phróiseáil ansin cuirtear an tuairisceán bliantúil sa chomhad um thaifead poiblí.

5.2 Tá na cleachtais agus na nósanna imeachta a úsáidtear sa Chlárlann bunaithe ar reachtanna. Nuair a theastaíonn léirmhíniú an dlí is féidir an t-ábhar a chur faoi bhráid an Chláraitheora le haghaidh cinnidh nó is féidir leis an gCláraitheoir

comhairle dlí a iarraidh, de réir mar atá luaite thuas. Ní úsáidtear fasaigh mar ghnáthrud, cé go dtugtar teagmhas áirithe san áireamh sa phróiseas scrúdaithe ar ócáidí nuair a d'eascair breithnithe comhionanna nó cosúla.

5.3 I gcás Cumainn Tionscail agus Choigiltis, thar na blianta d'fhaomh an Cláraitheoir Rialacha Eiseamláireacha nó Caighdeánacha leis na comhlachtaí ionadaíocha ábhartha.

AGUISÍN 1

Cumainn Tionscail agus Coigiltis

Príomh Reachtaíocht

The Industrial and Provident Societies Acts, 1893 to 2018.

Reachtaíocht Eile

Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018

Acht Iomaíochta 2002 – 2014

Industrial and Provident Societies (Amendment) Act, 1913

Agriculture Co-Operative Societies (Debentures) Act, 1934

Rialacháin na gCumainn Tionscail agus Coigiltis (Foirmeacha) 2018

Rialacháin na gCumainn Tionscail agus Coigiltis (Táillí) 2018

European Communities (European Cooperative Society) Regulations 2009 - SI No. 433 of 2009

European Communities (Consumer Credit Agreements) Regulations 2010 - SI No. 281 of 2010

An tAct Toghcháin 1997 (arna leasú)

Ceardchumann

Príomh Reachtaíocht

An tAcht Ceardchumann 1871.

An tAcht Ceardchumann (Leasú), 1876.

An tAcht Ceardchumann 1913.

An tAcht Ceardchumann, 1941

An tAcht Ceardchumann 1975.

An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990

An tAcht Toghcháin 1997 (arna leasú)

Reachtaíocht Eile

Rialacháin na gCeardchumann, 2018 (Foirmeacha).

Rialacháin Cónascadh Ceardchumann, 1976

Rialacháin na gCeardchumann, 2018 (Táillí).

Cara-Chumann

Príomh Reachtaíocht

Achtanna na gCara-Chumann, 1896-2018

An tAct Árachais, 1989.

An tAct Toghcháin 1997 (arna leasú)

Reachtaíocht Eile

An tOrdú um Chlárathóir na gCara-Chumann (Oiriúnú), 1926.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 1976 (Árachas Neamhshaoil).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 1984 (Árachas Saoil).

Rialacháin na gCara-Chumann, 1988

Rialacháin na gCara-Chumann, 1992. Rialacháin na gCara-Chumann, 2018 (Táillí).

Rialacháin na gCara-Chumann, 2018 (Foirmeacha).

Rialacháin na gCara-Chumann, 2002.

European Communities (Consumer Credit Agreements) Regulations 2010 - SI. No. 281 of 2010

AGUISÍN 2

Foirmeacha Cumainn Tionscail agus Coigiltis

Foirm A Iarratas ar Chumann a Chlárú

Foirm B Iarratas ar Leasú Páirteach ar na Rialacha a chlárú

Foirm C Dearbhú mar thacaíocht le Leasú ar na Rialacha

Foirm D Iarratas ar Leasú Iomlán ar na Rialacha a chlárú

Foirm F Iarratas ar Chealú Cláraithe

Foirm J Fógrán faoi Chealú

Foirm K Fógra faoi Athrú Oifige Cláraithe

F.35 Teastas faoi Alt 8

F.233 Rún speisialta ar siúl ar mhaithe le hiompú ina C(h)umann cláraithe

F.270 Dearbhú ag oifigeach de chuid an chumainn atá á iompú féin ina chumann cláraithe

Foirm AA Iarratas ar cheadú athraithe ainm agus ar chlárú Rúin Speisialta

Foirm AB Dearbhú le gabháil le hiarratas ar chlárú rúin speisialta

Foirm AC Iarratas ar Chlárú Rúin Speisialta le haghaidh Cónascadh Cumann

Foirm AD Iarratas ar Chlárú Rúin Speisialta le haghaidh Aistriú Gealltanais

Foirm AE Dearbhú ag Oifigeach de chuid an Chumainn atá ag glacadh le haistriú Gealltanais

Foirm AF Iarratas ar Chlárú Rúin Speisialta le haghaidh Iompú ina Chomhlacht

Foirm AG Dearbhú ag Oifigeach ó Chomhlacht atá ag cónascadh nó ag glacadh le hAistriú Gealltanais

Foirm AH Ionstraim Díscailte

Foirm AI Dearbhú le gabháil le hIonstraim (nó athrú Ionstraim) Díscailte

Foirm AR15 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag an gcláraitheoir le haghaidh na gcumann atá i mbun gnó, trádála nó tionscail

Foirm AR19 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag an gcláraitheoir le haghaidh cumainn talún agus tithíochta atá i mbun gnó

Foirm AR27 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag an gcláraitheoir le haghaidh cumainn talmhaíochta

Foirmeacha Cara-Chumainn

Foirm AA Iarratas ar Chlárú Rúin Speisialta le haghaidh Athrú ina Chuideachta

Foirm AI Iarratas ar chealú Cláraithe

Foirm AN Fógra faoi Chealú.

Foirm AO Ionstraim Díscailte

Foirm AP Dearbhú le gabháil le hIonstraim Díscailte Cumainn (nó Brainse)

Foirm AR Fógra faoi Dhíscailteadh trí Ionstraim

Foirm AR1 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag cláraitheoir na gcara-chumann, le haghaidh cara-chumainn atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chara-Chumainn, 1896 go dtí 2018

Foirm AR3 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag cláraitheoir na gcara-chumann le haghaidh brainse cláraithe de chara-chumann cláraithe faoi na hAchtanna um Chara-Chumainn, 1896 go dtí 2018

Foirm AR5 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag cláraitheoir na gcara-chumann le haghaidh brainse cláraithe de chara-chumann cláraithe faoi na hAchtanna um Chara-Chumainn, 1896 go dtí 2018

Foirm AR6 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag cláraitheoir na gcara-chumann le haghaidh cumann daonchaidiúil atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chara-Chumainn, 1896 go dtí 2018

Foirm AR8 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag cláraitheoir na gcara-chumann le haghaidh cumann iasachtaí atá údaraithe go speisialta agus atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chara-Chumainn, 1896 go dtí 2018

Foirm B Iarratas ar Chlárú Athraithe Pháirtigh ar na Rialacha

Foirm C Dearbhú le tacú le Leasú Rialacha

Foirm D Iarratas ar Chlárú Leasaithe Iomláin ar na Rialacha

Foirm H Fógra faoi athrú oifig chláraithe an chumainn

Foirm I Fógra faoi rún lenar ceapadh iontaobhaithe cumainn

Foirm Ib Fógra faoi Cheapachán Ionntaobhaí Nua ar Bhainse

Foirm T Iarratas ar cheadú athraithe ainm agus ar chlárú Rúin Speisialta

Foirm U Dearbhú le gabháil le hIarratas ar Chlárú Rúin Speisialta.

Foirm V Iarratas ar Chlárú Rúin Speisialta le haghaidh Cónascadh Cumann

Foirm W Iarratas ar Chlárú Rúin Speisialta le haghaidh aistriú Gealltanais

Foirm X Dearbhú ó Oifigeach Cumainn le glacadh le hAistriú Gealltanais

Foirmeacha Ceardchumainn

Foirm AR21 Tuairisceán bliantúil atá forordaithe ag cláraitheoir na gcara-chumann le haghaidh ceardchumann cláraithe

Foirm C Iarratas ar chlárú athraithe pháirtigh ar na rialacha

Foirm D Dearbhú ag gabháil leis an Athrú Rialacha

Foirm F Foirm Iarratais ar Chlárú Athraithe Iomláin ar na Rialacha

Foirm J Iarratas ar aistarraingt nó ar chealú Deimhnithe Cláraithe

Foirm M Fógra faoi Athrú Oifige Cláraithe

Foirm N Iarratas ar Chlárú Athraithe Ainm

Foirm O Dearbhú le gabháil le hlarratas ar Cheadú Athraithe Ainm

Foirm S Fógra díscailte

Foirm T Iarratas ar Chlárú Ionstraim Chónasctha

Foirm U Dearbhú Reachtúil ar Iarratas ar Chlárú Ionstraim Chónasctha

Foirm V Iarratas ar Chlárú Iontraim Aistrithe Gealltanais

Foirm W Dearbhú Reachtúil ar son an Cheardchumainn is Aistreoir le Tacú le hlarratas ar Chlárú Ionstraim Aistrithe Gealltanais

Foirm X Dearbhú Reachtúil ar son Ceardchumainn is Aistrí ar Iarratas Ar Chlárú Ionstraim Aistrithe Gealltanais

AGUISÍN 3

Táillí Cumann Tionscail agus Coigiltis

Cur síos ar an tSeirbhís	Páipéar	Leictreonach
Admháil ar Chlárú cumainn	200.00	100.00
Admháil ar Chlárú cumainn a bhfuil a rialacha i bhfoirm rialacha eiseamláracha ceadaithe ag an gCláraitheoir, i gcás go ndéantar an tIarratas ar Chlárú tríd an gcomhlachas nó an gcomhlacht agus atá formhuinithe acu a rinne urraíocht ar na rialacha atá sna rialacha eiseamláracha sin, táille laghdaithe.	100.00	50.00
Admháil ar Athrú ar Rialacha a Chlárú	60.00	15.00
Admháil ar Athrú ar Rialacha a Chlárú i gcás go bhfuil na rialacha i bhfoirm rialacha eiseamláracha ceadaithe ag an gCláraitheoir, i gcás go ndéantar an tIarratas ar Chlárú tríd an gcomhlachas nó an gcomhlacht agus atá formhuinithe acu a rinne urraíocht ar na rialacha atá sna rialacha eiseamláracha sin, táille laghdaithe.	30.00	15.00
Rún Speisialta a chlárú (seachas hathrú ar ainm)	15.00	n/a
Rún Speisialta a chlárú: céadú maidir le hathrú ar ainm	100.00	n/a
Ceapachán cigire	200.00	n/a
Cruinniú Speisialta a Ghairm	130.00	n/a
Díospóid a chinneadh nó dámhachtain i leith dáileadh cistí		
a) I gcás go socraítear an ní gan éisteacht nó i ndiaidh éisteacht amháin gan atráth	60.00	n/a
b) Do gach éisteacht i ndiaidh na chéad éisteachta agus do gach atráth	60.00	n/a
Tuairisceán Bliantúil cumainn a chomhdú	40.00	20.00
Ionstraim Dhíscailte a chomhdú nó aon leasú a dhéanamh air	100.00	n/a
Fógra i dtaobh Athrú ar Oifig Chláraithe a chomhdú	15.00	Nil
Fógra faoi achainí ar scrúdaitheoir a cheapadh	15.00	n/a
Doiciméid a chomhdú nó a chlárú maidir le foirceannadh cumainn faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014	15.00	n/a
Síniú nó séala an Chláraitheora ar dhoiciméad é nach inmhuirir ar aon táille eile	12.00	12.00
Iníúchadh ar chumainn comhad*	6.00	n/a
Cóip d'aon doiciméad nó sliocht as (i dteannta le táillí as síniú nó séala an Chláraitheora)	3.00	2.50
* Tá táille de €2.50 i bhfeidhm chun comhad iomlán Chumann Tionscail agus Coigiltis nó cuid de a fháil, a scrúdú nó a chóipeáil i bhfoirm leictreonach, is cuma faoi líon na leathanach inti.		
Eiscló d'ainm agus de sheoladh an Chumainn	3.50	3.50

Táillí Cara-Chumann RFS

Cur síos ar an tSeirbhís	Páipéar	Leictreonach
Admháil ar Athrú ar Rialacha Cumainn a chlárú atá údaraithe go speisialta (a) Leasú lomlán nó (b) Leasú i bPáirt (a) Leasú lomlán (b) Leasú i bPáirt	30.00	15.00
Rún Speisialta ó aon chumann a chlárú	15.00	n/a
Rún Speisialta ó aon chumann a chlárú: céadú maidir le hAthrú ar Ainm	100.00	n/a
Ordachán chun Stoc a Aistriú	50.00	n/a
Ceapachán cigire	200.00	n/a
Cruinniú Speisialta a Ghairm	130.00	n/a
Cinneadh an Chláraitheora faoi dhíospóid nó a dhámhachtain i leith cistí a dhíscáileadh nó a dháileadh: (i) i gcás go socraítear an ní gan éisteacht nó i ndiaidh éisteacht amháin gan atráth	60.00	n/a
(ii) i gcás go bhfuil gá le níos mó ná éisteacht amháin an táille chéanna mar atá (i) do gach éisteacht i ndiaidh na chéad éisteachta agus do gach atráth	60.00	n/a
(iii) dámhachtain i leith sómhainní cumainn nó Brainse a leithghabháil nó a roinnt		
(a) i gcás nach mó ná €250.00 na sómhainní	60.00	n/a
(b) do gach €125.00 sa bhreis	13.00	n/a
Ordú ag ligean thar ceal toiliú agus coinníollacha i leith cónasctha nó aistriú gealltanais a dhéanamh (i) i gcás go socraítear an ní gan éisteacht nó i ndiaidh éisteacht amháin (ii) do gach éisteacht i ndiaidh na chéad éisteachta agus do gach atráth	60.00 60.00	n/a
Tuairisceán Bliantúil cumainn a chomhdú	40.00	20.00
Fógra i dtaobh Athrú ar Oifig Chláraithe a chomhdú	15.00	Nil
Fógra i dtaobh lontaobhaithe a Cheapadh a chomhdú	30.00	n/a
Díolúine ó luacháil cumainn a roinneann a chistí go tréimhsiúil nó i gcás aon chumainn inar ligeadh an ceanglas thar ceal de bhun Alt 28(5) Acht na gCara-Chumann, 1986	130.00	n/a
Nuair is mian le cumann go ndéanfaidh achtúire, a bheidh le hainmniú ag an gCláraitheoir, an luacháil:		
Mura bhfuil líon na mball os cionn 150	190.00	n/a
Má tá sé os cionn 150 ach nach mó ná 250	250.00	n/a
Má tá sé os cionn 250 ach nach mó ná 350	320.00	n/a
Má tá sé os cionn 350 ach nach mó ná 500	380.00	n/a
Má tá sé os cionn 500 ach nach mó ná 700	500.00	n/a
Má tá sé os cionn 700 ach nach mó ná 1000	600.00	n/a
In aghaidh gach 500 ball nó an chuid de níos mó ná 1000	120.00	n/a
Fógra i dtaobh Brainse a Bhunú, nó Rialacha Brainse den sórt sin nó aon leasú a dhéanamh air	25.00	n/a
Ionstraim Dhíscáilte a chomhdú nó aon Leasú a dhéanamh air	130.00	n/a
Síniú nó séala an Chláraitheora ar dhoiciméad é nach inmhuirir ar aon táille eile	12.00	12.00
Iníúchadh ar chumann comhad *	6.00	n/a
Cóip d'aon doiciméad nó sliocht as (i dteannta le táillí as síniú nó séala an Chláraitheora) *	3.00	2.50
* Tá táille de €2.50 i bhfeidhm chun comhad iomlán Cara-Chumann nó cuid de a fháil, a scrúdú nó a chóipeáil i bhfoirm leictreonach, is cuma faoi líon na leathanach inti.		
Eischló d'ainm agus de sheoladh an Chara-Chumann	3.50	3.50

Táillí Ceardchumann

Cur síos ar an tSeirbhís	Páipéar	Leictreonach
Deimhniú Cláraitheachta maidir le Ceardchumann	1.25	n/a
Deimhniú Cláraitheachta maidir le Rialacha a Athrú	0.60	n/a
Rún Speisialta ó aon ceardchumann a chlárú: céadú maidir le hAthrú ar Ainm	100.00	n/a
Ordachán chun stoc a aistriú	50.00	n/a
Fógra díscailte a chlárú	100.00	n/a
Tuairisceán Bliantúil Ceardchumainn a chomhdú	40.00	20.00
Fógra i dtaobh Athrú ar Oifig Chláraithe a chomhdú	15.00	Nil
(A) Ionstraim Chónascacháin a cheadú	100.00	n/a
(B) Ionstraim Chónascacháin a chlárú	100.00	n/a
(A) Ionstraim Aistrithe Gealltanais a cheadú	100.00	n/a
(B) Ionstraim Aistrithe Gealltanais a chlárú	100.00	n/a
Fíordheimhniú de dhoiciméad a cheanglaítear a bheith fíordheimhnithe ag an gCláraitheoir nach bhfuil inchurtha faoi aon táille eile	12.00	12.00
Cóip d'aon doiciméad nó sliocht as (i dteannta le táillí as síniú nó séala an Chláraitheora)*	3.00	2.50
* Tá táille de €2.50 i bhfeidhm chun comhad iomlán Ceardchumann nó cuid de a fháil, a scrúdú nó a chóipeáil i bhfoirm leictreonach, is cuma faoi líon na leathanach inti.		
Eischló d'ainm agus de sheoladh an Cheard-Chumainn	0.20	0.20

Modhanna Íocaíochta

Is féidir na táillí a íoc mar seo a leanas:

- Airgead tirim (ní chóir airgead tirim a chur isteach leis na doiciméid a sheoltar ar an bpost)
- Ordú airgid poist
- Dréacht bainc
- Seic (tarraingthe ar bhanc i bPoblacht na hÉireann)
- Is féidir cárta creidmheasa/dochair a úsáid le cuardach a dhéanamh ar líne le haghaidh cuideachta nó le hairgead a chur i gcuntas custaiméara RFS.

Ba chóir orduithe poist/airgid, dréachtaí bainc agus seiceanna a íoc leis an Clárann na gCara-Chumann (teideal iomlán).

